Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15425/17**

**TRANS 541**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15053/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun feidhme agus i ndáil leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) don iompar<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 5 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo 'Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun feidhme agus i ndáil leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) don iompar', a ghlac an Chomhairle ag an 3581ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun cinn agus i ndáil leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa don iompar**

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

– Rialachán (AE) Uimhir 1315/2013 maidir le treoirlínte an Aontais i dtaca leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus Rialachán (AE) Uimhir 1316/2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa[1];

– Na conclúidí ón gComhairle maidir le bonneagar iompair agus an gréasán tras-Eorpach an 3 Nollaig 2014[2];

– Na conclúidí ón gComhairle maidir le "Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú" an 8 Meitheamh 2017[3];

– Dearbhú Aireachta Rotterdam maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun feidhme, a glacadh ar an 20 Meitheamh 2016[4];

– Dearbhú Aireachta Rotterdam maidir le conairí lasta iarnróid chun borradh a chur faoin iompar idirnáisiúnta lasta d'iarnród an 21 Meitheamh 2016[5];

---

1 IO L 348, 20.12.2013, lch. 1.
2 16363/14.
3 9976/17.
4 10308/1/16 REV 1.
5 10306/16.

– Páipéar Bán 2017 maidir le todhchaí na hEorpa an 1 Márta 2017[6] agus an páipéar machnaimh ar airgeadas an Aontais amach anseo an 28 Meitheamh 2017[7];

– Dearbhú Comhpháirteach ó naComhordaitheoirí Eorpacha maidir le todhchaí TEN-T agus CEF.

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas na mBallstát an gréasán tras-Eorpach iompair a chur chun feidhme le dea-fheidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú, comhtháthú críochach, rochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas a neartú, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, infheistíochtaí don fhás agus do phoist san Aontas a spreagadh, agus leis an aistriú go soghluaisteacht íseal-astaíochtaí agus comhlíonadh ghealltanais nua idirnáisiúnta an Aontais maidir le cuspóirí an bheartais aeráide (COP21) a áirithiú; chuige sin AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an bonneagar agus na seirbhísí iompair ó thaobh beart a dhéanamh i ndáil leis an limistéar iompair Eorpach Aonair, an t-aontas fuinnimh agus an margadh aonair digiteach.

*Tuairisciú ar chur chun feidhme an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair*

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme TEN-T a thíolaic an Coimisiún agus AITHNÍONN SÍ go dtugtar léargas sa tuarascáil ar an staid reatha ó thaobh TEN-T a chur chun feidhme agus go leagtar béim ann freisin ar na hinfheistíochtaí a rinneadh le rannchuidiú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, ó Cistí Struchtúrthacha agus Infheistíochta na hEorpa agus ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa, lena n-áirítear tríd an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS);

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil faisnéis sa tuarascáil seo maidir leis na hinfheistíochtaí náisiúnta a rinneadh ar TEN-T agus mar sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit próiseas tuairiscithe níos simplí agus níos soiléire a úsáid don chéad tuarascáil eile chun an fhaisnéis sin a áireamh;

4. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil oibleagáid ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme chroíghréasán TEN-T faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí, agus meastóireacht a dhéanamh ach go háirithe ar an ngá leasuithe a dhéanamh ar an gcroíghréasán chun pleanáil infheistíochta náisiúnta agus forbairtí i sreafaí iompair a chur san áireamh.

6 6952/17 + ADD 1 + ADD 2.
7 11006/17 + ADD 1.

*Na Conairí Croíghréasáin a Rialú*

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ ról tábhachtach na gcomhordaitheoirí Eorpacha i dtaca le cur chun feidhme tráthúil, éifeachtach na gconairí croíghréasáin ilmhódacha a éascú agus AITHNÍONN SÍ gur uirlis iomchuí atá sna pleananna oibre do chonairí d'fhonn faireachán a dheanamh ar an dul chun cinn maidir le conairí croíghréasáin a fhorbairt; chuige sin IS DÍOL SÁSAIMH DI an dara glúin de phleananna oibre do chonairí, a formheasadh i mí na Nollag 2016 agus IARRANN SÍ ar na comhordaitheoirí Eorpacha na pleananna oibre nuashonraithe a thíolacadh go luath in 2018;

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá leanúnach cur chun feidhme tráthúil na dtionscadail ar na conairí croíghréasáin a éascú; chuige sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh don tsainordú nua a thiocfaidh i bhfeidhm i mí an Mhárta 2018; IARRANN SÍ ar na comhordaitheoirí a ngníomhaíochtaí a dhíriú ar chur chun feidhme na gconairí croíghréasáin d'fhonn an comhar agus an malartú idir na conairí croíghréasáin a neartú agus le hairithiú go mbeidh sineirgí iomchuí ann le cuspóirí beartais ábhartha iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI glacadh an phlean nua imlonnaithe Eorpaigh don chóras Eorpach um bainistiú tráchta iarnróid (ERTMS) agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tíolacadh an chéad phlean mionsonraithe cur chun feidhme do mhótarbhealaí na farraige; IARRANN SÍ ar na comhordaitheoirí Eorpacha faoi seach cloí lena n-iarrachtaí cur chun feidhme comhorduithe ERTMS agus an phlean do mhótarbhealaí na farraige a áirithiú;

8. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh conairí lasta iarnróid bearta cost-éifeachtacha a fhorbairt chun go mbainfear an leas is fearr as úsáid an ghréasáin TEN-T agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na comhordaitheoirí Eorpacha tairbhe a bhaint as na sineirgí le conairí lasta iarnróid.

*Sraith stuama tionscadal a chur ar fáil*

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chéad mheasúnú ar riachtanais infheistíochta na conaire croíghréasáin, a thíolaic an Coimisiún ar bhonn na faisnéise a bailíodh sna liostaí táscacha tionscadal maidir leis na conairí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anois cáilíocht na liostaí táscacha tionscadal sin atá i gceangal leis na pleananna oibre a fheabhsú a thuilleadh, i gcomhairle leis na Ballstáit, d'fhonn na tionscadail ábhartha a shainaithint le háirithiú go gcuirfear na conairí croíghréasáin i gcrích go tráthúil;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtaispeántar sa chéad mheasúnú sin gurb é EUR 607 billiún an infheistíocht iomlán atá beartaithe don tréimhse 2016 go 2030 le haghaidh na gconairí croíghréasáin, agus tuairim is EUR 750 billiún le haghaidh an chroíghréasáin; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, thairis sin, thar an tréimhse 2021-2030, go mbeadh infheistíocht de thuairim is EUR 500 billiún ag teastáil le haghaidh an chroíghréasáin, agus thart ar EUR 1.5 trilliún, nuair a chuirtear an gréasán cuimsitheach agus infheistíochtaí eile iompair san áireamh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go meastar go spreagfadh infheistíochtaí i gconairí croíghréasáin EUR 4.5 trilliún nó méadú 1.8% ar OTI ar fud an Aontais le linn na tréimhse sin, meastar leis na hinfheistíochtaí sin go gcruthófaí líon post arbh ionann agus 13 mhilliún post sa bhliain agus go ndéanfaí laghdú foriomlán de thart ar 7 milliún tonna[8] ar astaíochta CO2;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís níos iontaofa a chur ar fáil, faoi lár na bliana 2018, ar an tionchar a bhíonn ag an infheistíocht a bhaineann le TEN-T ar phoist agus ar an bhfás.

*Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú*

12. TÁ SÍ AG SÚIL le tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le tuarascáil Christophersen-Bodewig-Secchi, ar cheart aird a tharraingt ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an dá mholadh déag uathu, agus ina leagtar amach na céimeanna agus na bearta breise is ábhartha chun an creat i gcomhair infheistíochta san Eoraip a fheabhsú; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil roinnt de na bearta a iarradh curtha i bhfeidhm cheana féin – amhail athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin maidir leis an margadh airgeadais agus na critéir staidrimh le haghaidh comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí;

[8] Figiúirí atá bunaithe ar staidéar maidir le conairí croíghréasáin.

13. TUGANN SÍ DÁ hÁIRE an staidéar ón gCoimisiún chun bacainní a shainaithint maidir le próisis riaracháin agus rialála a mbíonn tionchar acu ar phleanáil éifeachtach, éifeachtúil, agus ar chur chun feidhme, thionscadail croíghréasáin TEN-T; MOLANN SÍ don Choimisiún moltaí an staidéir sin a mheas go cúramach, ar moltaí iad a bhféadfadh bearta breise teacht astu.

*Cónascadh le tíortha comharsanachta na hEorpa*

14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé gréasán TEN-T a nascadh le bonneagar na dtíortha comharsanachta, d'fhonn nascacht, fás eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais agus na dtíortha lena mbaineann a fheabhsú;

15. Chuige sin, CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá a áirithiú nach ndéantar aon bhearta idirdhealaitheacha ná sriantacha a fhorchur ar oibreoirí iompair an Aontais, a chuireann seirbhísí iompair ar fáil do thíortha comharsanachta.

*Torthaí eatramhacha na Saoráide um Chónascadh na hEorpa san earnáil iompair a mheas*

16. TÁ SÍ AG SÚIL le torthaí an athbhreithnithe meántéarma ar an Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus leis an measúnú ar chlár SCE ó thaobh comhleanúnachais le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus fhorghníomhú an chláir sin, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, agus ó thaobh éifeachtacht maidir le hinfheistíochtaí breise a spreagadh chun feabhas a chur ar bhonneagar iompair an Aontais agus ar chumas an bhonneagair sin breisluach Aontais a ghiniúint;

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht iolraitheora scéimeanna cistiúcháin agus scéimeanna maoiniúcháin de chuid an Aontais, rud a chuir ar chumas SCE infheistíocht de thart ar EUR 45 bhilliún[9] a chur ar fáil go dtí seo chun an earnáil iompair a fhorbairt;

18. AITHNÍONN SÍ faoi mhí na Nollag i mbliana, go mbeidh 92.2% de bhuiséad iompair SCE le haghaidh deontas, arb ionann agus EUR 23.2 billiún, leithdháilte sna chéad trí ghlao, agus go ndearnadh an t-imclúdach comhtháthaithe a leithdháileadh ina iomláine; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh an t-éileamh ar chistiú SCE i bhfad níos mó ná na hacmhainní a bhí ar fáil;

---

[9] Figiúr bunaithe ar mheastacháin an Choimisiúin.

19. MEABHRAÍONN SÍ gur ríthábhachtach an próiseas iomaíoch maidir le tionscadail a roghnú agus bainistiú éifeachtúil ar an mbuiséad SCE, lena n-áirítear feidhmiú an phrionsabail i gcás neamhúsáide mar atá in Airteagal 12 de Rialachán SCE, chun go n-éireoidh le SCE; agus i ndáil leis sin, IARRANN SÍ go ndéanfadh na tairbhithe uile na tionscadail a chur chun feidhme go tráthúil;

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE ó bunaíodh é, gur léirigh SCE freisin go bhféadfadh acmhainneacht ar leith a bheith ann i gcás sineirgí trasearnála i réimse an iompair, an fhuinnimh agus tionscadal leathanbhanda agus tosaíochtaí a bhaineann leis sin, (i.e. an dícharbonú, an digitiú agus an nuálaíocht), ar nithe iad ar gá a fheabhsú a thuilleadh.

*Ionstraimí nuálacha airgeadais a chur ar fáil don iompar*

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtí seo nach ndearna ach 9% de na hinfheistíochtaí a cuireadh ar fáil trí CEIS leas don earnáil iompair, cé gurbh é iompar SCE féin is mó a rannchuidigh le ciste ráthaíochta CEIS a chruthú. CUIREANN SÍ I dTREIS, áfach, go dtí mí na Samhna 2017, thug CEIS tacaíocht do 53 oibríocht, rud a chuir le cuspóirí iompair agus a spreag infheistíocht iomlán gaolmhar de EUR 22.3 billiún;

22. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh 12 oibríocht iompair sa bhreis a mhaoiniú trí ionstraimí airgeadais an Aontais, amhail ionstraim fiachais SCE, rud a ghiaráil níos mó ná EUR 13.6 billiún; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar úsáid ionstraimí nuálacha airgeadais, agus deontais a chumasc leo i gcás inarb iomchuí, chun rochtain ar mhaoiniú ar thionscadail iompar ar fud na mBallstát agus ar mhodhanna iompar a éascú;

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur sheol an Coimisiún glao ar chumasc de EUR 1.35 billiún chun deontais a chur ar fáil do thionscadail iompair, lena ndírítear ar mhaoiniú breise príobháideach a mhealladh, agus TUGANN SÍ DÁ hÁIRE an togra ón gCoimisiún rogha a áireamh sa Rialachán SCE chun saoráidí cumaisc SCE a bhunú, ar saoráidí iad arb aidhm dóibh maoiniú príobháideach agus poiblí a mhealladh chun éifeachtacht chistiú an Aontais a mhéadú do thionscadail leasa choitinn in TEN-T; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faisnéis chuimsitheach a chur ar fáil ina gcuirfí na torthaí i láthair agus ina ndéanfaí anailís ar na ceachtanna a foghlaimíodh tar éis an chéad ghlao ar chumasc a bhain le SCE.

*Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais infheistíochta a bheidh ann feasta le creat infheistíochta nua cliste*

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dearbhú comhpháirteach ó na comhordaitheoirí Eorpacha agus tá an fhís CHÉANNA aici maidir le hEoraip a bheidh níos éifeachtaí agus níos lánpháirtithe agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur iarr siad tacaíocht níos láidre ón Aontas lena ngabhfaidh buiséad deontais níos mó d'infheistíochtaí breisluacha Eorpaigh i réimse an iompair;

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún maoiniú poiblí agus príobháideach a spreagadh i dtreo chuspóirí bheartas iompair an Aontais, agus go háirithe, cur i gcrích chroíghréasán TEN-T faoin mbliain 2030 agus gréasán cuimsitheach a bheith ann faoi 2050 mar aon le, cur chun feidhme na straitéise maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí, an tsoghluaiseacht trasteorann nasctha, uathoibrithe, comhoibríoch agus réitigh sábháilte, slán a chur chun cinn; IARRANN SÍ sineirgí níos fearr a bheith ann idir tionscadail iompair, tionscadail fuinnimh agus tionscadail theileachumarsáide trí chreat feabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh; CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé pleanáil straitéiseach níos fearr a áirithiú, forbairt ilmhódach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus riachtanais cothabhála bonneagair iompair a chur san áireamh;

26. IARRANN SÍ an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a atreisiú mar ionstraim de chuid an Aontais le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha chun go mbeidh gréasáin thras-Eorpacha ann; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart go leanfadh an tsaoráid sin de chuimsiú imclúdach chomhtháite agus ginearálta, agus go mbeadh an tsaoráid sin le cur chun feidhme go príomha trí dheontais, in éineacht le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíochtaí buiséadacha, agus deontais á gcumasc le maoiniú príobháideach agus poiblí; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá, féidearthachtaí sineirgíochta le CSIE agus le cistí agus ionstraimí eile de chuid an Aontais chun cur le cuspóirí bheartas TEN-T;

27. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an breisluach Eorpach a bhaineann le tionscadal sna modhanna uile, lena gcumhdaítear codanna trasteorann, naisc easnamhacha a líonadh, scrogaill mhóra a bhaint agus feabhas a chur ar naisc "míle deireanach" ar ghréasán TEN-T, an comhthathú críochach a neartú trí inrochtaineacht agus nascacht gach réigiún a neartú, mar aon le cur le soghluaiseacht íseal-astaíochtaí agus le soghluaiseacht nasctha, agus idir-inoibritheacht a áirithiú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról ríthábhachtach a bhaineann le deontais chun cur chun feidhme tráthúil tionscadal den sórt sin a áirithiú tríd an tsaoráid sin;

28. AITHNÍONN SÍ go bhfuil roinnt tionscadal mór trasteorann de chuid TEN-T ar bun, a meastar go gcríochnófar iad roimh 2030, ar tionscadail iad atá á gcur chun feidhme agus; AITHNÍONN SÍ go mbíonn cur chun feidhme tionscadal den sórt sin ag brath go mór ar ghealltanas polaitiúil agus ar acmhainní airgeadais atá le fáil ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta araon;

29. AITHNÍONN SÍ gur minic a tharlaíonn sé gur fearr a oireann tionscadail ginte ioncaim a bhaineann leis an iompar do leas a bhaint as ionstraimí nuálacha airgeadais agus as cumasc; cé go gCUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil an chomhpháirt deontais riachtanach le haghaidh tionscadal nach bhfuil an acmhainneacht chéanna acu ioncam a ghiniúint, ach a léiríonn go bhfuil breisluach Aontais ag gabháil leo;

30. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór d'ionstraim infheistíochta bhonneagar de chuid an Aontais cobhsaíocht a thabhairt do gach geallsealbhóir, i dtaca leis na tosaíochtaí agus an cineál tacaíochta araon, má táthar chun tionchar inchreidte, fadtéarmach a imirt ar an margadh; IARRANN SÍ go n-áiritheofar go leanfar leis an gcreat infheistíochta i gcás tionscadal ag a bhfuil breisluach Eorpach.